C/2024/6861

28.11.2024

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile

(C/2024/6861)

Rapóirtéirí: **Christa SCHWENG (Grúpa I)**
Cinzia DEL RIO (Grúpa II)
Ioannis VARDAKASTANIS (Grúpa III)

Bunús dlí	Riail 52(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	193/7/6

CLÁR NA NÁBHAR

Leathanach

1. Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile 1
2. An tAontas Eorpach: scéal fada ratha ag dul i ngleic go diongbháilte le dúshláin an lae amárach 2
3. An tAontas Eorpach mar ghníomhaí domhanda ar son na síochána, na slándála, na trádála agus an dul chun cinn . 3
4. Cosaint luachanna an Aontais agus an urraim do na cearta bunúsacha agus an éagsúlacht 4
5. Ag ullmhú don mhéadú agus d'athchóirithe 5
6. Fás, iomaíochas agus infheistíocht inbhuanaithe chuimsitheach an Aontais a dhaingniú 6
7. An ghné shóisialta den tslándáil: fostaíocht, scileanna agus aistriú cóir 9
8. Sláinte agus dálaí cuibhiúla maireachtála a dhaingniú: gné shochaíoch láidir 11
9. Rannpháirtíocht na saoránach, spás sibhialta láidir agus idirphlé sibhialta fóinteach 13

1. Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile

1.1. I dteannta le Comhairle an Aontais Eorpaigh, beidh Parlaimint nua na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach nua freagrach as an Aontas a stiúradh sna chéad chúig bliana eile amach romhainn agus ina ndiaidh. Leag na rialtais a dtuairimí amach i nDearbhú Versailles agus i nDearbhú Granada agus ba le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa a chuir na saoránaigh a dtuairimí in iúl. Ag déanamh de réir na moltaí a rinne sé sa chomhdháil (go háirithe tograí 36 agus 39, a bhí dírithe ar ról soiléir a thabhairt do CESE i bpróisis rannpháirtíochta), d'eagraigh CESE Seachtain na Sochaí Sibhialta, an chéad Seachtain dá sórt, chun dul i gcomhairle le saoránaigh – na daoine óga san áireamh – le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna). Leagadh amach sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí chun na prionsabail dhaonlathacha a neartú agus a chosaint le linn an chéad sainordaithe eile a bheidh ann san Aontas.

1.2. Sa chomhthéacs reatha a bhfuil an iomaí géarchéim ann, tathantaíonn CESE ar Pharlaimint nua na hEorpa agus ar an gCoimisiún Eorpach nua, arna ndlisteanú le vóta na saoránach sna toghcháin a bhí ann i mí an Mheithimh 2024, leas a bhaint ní hamháin as an bhfís don todhchaí a tháinig chun cinn sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus i Seachtain na Sochaí Sibhialta, ach as éagsúlacht na hionadaíochta atá in CESE chomh maith d'fhonn: seasamh idirnáisiúnta an Aontais a threisiú; struchtúr institiúideach an Aontais a dheisiú; bonn láidir a chur faoinár luachanna coiteanna, agus; ár ngeilleagar a chur i dtreo todhchaí inbhuanaithe bunaithe, amach is amach, ar mhúnla sóisialta ardfhorbartha cuimsitheach – rud atá ríthábhachtach don dul chun cinn, don aontacht agus don iomaíochas.

1.3. ***Tá CESE ag iarraidh ar institiúidí an Aontais Eorpaigh slándáil a bhunú a bhfuil 6 shraith inti, mar atá:***

— ***Aontas Eorpach a chosnaíonn a chuid saoránach ar bhagairtí seachtracha. Chuige sin, tá gá le beartais sheachtracha an Aontais a bheadh dírithe ar na cearta bunúsacha a dhaingniú a thuilleadh agus a bheadh bonn láidir creidiúnach fúthu a bhuí sin le comhbheartas cosanta AE agus comhbheartas eachtrach a bheith ann; tá acmhainní dílse de dhíth ar an Aontas chomh maith más uaidh go bhfeidhmeoidh a chuid beartais síochána agus a chuid beartas chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach i gceart;***

— ***Aontas Eorpach a chosnaíonn daoine ar rioscaí inmheánacha, go háirithe rioscaí a bhaineann le sláinte, athruithe déimeagrafacha agus bochtaineacht, a chuireann rochtain ar fáil ar chosaint shóisialta uilíoch agus a chinntíonn an dea-bhail ar fud na hEorpa;***

— ***Aontas Eorpach a ráthaíonn geilleagar sóisialta margaidh atá iomaíoch agus bunaithe ar éiceachórais lena n-áirithítear táirgiúlacht, nuálaíocht, poist ardcháilíochta agus lánfhostaíocht, ina n-aithnítear, ó thaobh an iomaíochais de, go bhfuil sé ar chumas an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta san inbhuanaitheacht comhshaoil agus sa dul chun cinn sóisialta agus teicneolaíoch;***

— ***Aontas Eorpach a chruthaíonn geilleagar athléimneach do chách tríd an méid seo a leanas: comhordú éifeachtach na mbeartas maicreacnamaíoch sna Ballstáit a chinntiú, agus dea-bhail eacnamaíoch a chuid saoránach á cosaint ag an am céanna; iomaíochas inbhuanaithe ghnólachtaí na hEorpa a chinntiú agus cumhacht ceannaigh a chaomhnú, agus an boilsciú á chomhrac go héifeachtach ag an am céanna; cuimsiú airgeadais a ráthú agus oideachas airgeadais a chothú; córais chothroma chánachais a dhearadh; an sciúradh airgid a chomhrac, agus; buiséad Eorpach a chur ar bun lena dtugtar acmhainní leordhóthanacha airgeadais don Aontas chun a chuid spriocanna polaitiúla a chomhlíonadh gan aon duine a fhágáil ar lár;***

— ***Aontas Eorpach a chinntíonn go bhfuil idirphlé ann agus a chinntíonn rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta eagraithe agus an phobail ionas gur féidir dul i ngleic leis na laethanta deacra cinniúnacha seo, anois agus sna blianta beaga amach romhainn. Ba cheart buntáistí na síochána a bheith le brath i measc gach coda agus gach grúpa dár sochaí;***

— ***Aontas Eorpach a chuireann cosaint ar fáil i gcoinne na rioscaí atá ann faoi láthair, agus a bheidh ann amach anseo, ó thaobh an athraithe aeráide, an truaillithe agus chailliúint na bithéagsúlachta de. Cuireann an ghéarchéim aeráide saol agus slite beatha na ndaoine i mbaol. Ní foláir don Aontas beart a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú faoi 90 % faoi 2040, chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú agus chun an dúlra agus an bhithéagsúlacht a athbhunú ar mhaithe lena chinntiú nach mbeidh na soláthairtí le haghaidh bhunriachtanas na ndaoine (bia, uisce, fuinneamh, sláinte phoiblí, etc.) san Aontas ná ar fud an domhain i mbaol.***

2. An tAontas Eorpach: scéal fada ratha ag dul i ngleic go diongbháilte le dúshláin an lae amárach

2.1. Is ar luachanna uilíocha, ar chearta agus ar an smacht reachta atá an tAontas Eorpach fothaithe. Is príomhchuid de scéal ratha na hEorpa é sin, anuas ar an 80 bliain de shíocháin atá slánaithe aici. Ní i gcónaí a bhí an saol éasca do mhuintir na hEorpa; bhí dhá Chogadh Dhomhanda ann sular tháinig an tAontas ar an bhfód, cuir i gcás. Mar sin féin, tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil ag éirí níos fearr le muintir na hEorpa ná mar atá ag éirí leo siúd atá in iomaíocht leis an Eoraip nó le muintir na dtíortha comharsanacha. Níl aon amhras ach go bhfuil síocháin, rathúnas eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta san Aontas ó bunaíodh é na blianta fada ó shin.

2.2. Le linn phaindéim COVID-19, d'éirigh leis an Aontas rochtain shaor in aisce ar vacsaíní chomh maith le soláthar bia a dhaingniú do chách. Thug sé cluas d'fheachtais na leanaí agus na ndaoine óga dul i ngleic leis an athrú aeráide agus, dá réir sin, ghlac sé clár thar a bheith uaillmhianach le haghaidh comhshaol inbhuanaithe: an Comhaontú Glas. Is é is aidhm don Chomhaontú sin go mbeidh an Eoraip aeráidneodrach faoi 2050. Tá céimeanna glactha ag an Aontas chun dul i ngleic le gach cineál idirdhealaithe. Gan beann ar cé acu atá siad bunaithe i mBallstát mór nó i mBallstát beag, tá rochtain ag gnólachtaí, gníomhaithe an gheilleagair shóisialta agus daoine féinfhostaithe ar mhargadh ina bhfuil 450 milliún tomhaltóir a bhfuil comhdheiseanna acu, margadh mar a mbíonn gach gníomhaí eacnamaíoch in ann oibriú i dtimpeallacht chobhsaí.

2.3. Is é geilleagar an Aontais an geilleagar is fearr atá ann ó thaobh cosaint don duine de. Féachtar, le geilleagar an Aontais, le leas a bhaint as buanna na ndaoine agus paitinní agus táirgí réigiúnacha a chosaint chomh maith. Thairis sin, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le geilleagair dhigiteacha a rialáil. Maidir le gach tír a tháinig isteach san Aontas thar na blianta, chonacthas gur mó feabhas a tháinig ar an gcáilíocht saoil agus ar na dálaí oibre sna tíortha sin ná mar a tháinig in aon tír eile sa réigiún agus gur tharla sin ar bhonn níos tapúla leis. Tá cur chuige bunaithe ar chearta i leith saorghluaiseacht daoine an-tábhachtach chun dul chun cinn, cothroime agus comhtháthú níos doimhne a chinntiú. Tá CESE ag súil le gurb é an rud céanna é do na tíortha siúd atá le teacht isteach i dteaghlach an Aontais go luath.

2.4. Ní féidir talamh slán a dhéanamh d'éachtaí comhchoiteanna den sórt sin a thuilleadh. Tá rioscaí nua roimh an Aontas faoi láthair, anuas ar na dúshláin a bhí ann cheana agus roinnt cinn nua. Tá cruth nua ag teacht ar an tírdhreach geopholaitiúil domhanda agus ar na comhpháirtíochtaí eacnamaíocha mar gheall ar chomhghuaillíocht na Rúise agus na Síne leis na geilleagair sin atá ag teacht chun cinn (e.g. an Bhrasaíl, an Rúis, an India agus an tSín – tíortha BRIC – agus tíortha na Murascaille). Is gá a chur i bhfios go láidir, murab ionann agus an tAontas, go saothraíonn tíortha nach tíortha daonlathacha iad beartais eachtracha ionsaitheacha neamhscrupallacha, gan beann a thabhairt ar chearta an duine ná ar an bhforbairt inbhuanaithe. Tá an t-ollstruchtúr airgeadais ar fud an domhain curtha as a riocht de dheasca infheistíochtaí airgeadais na dtíortha sin agus ní bheidh sé mar an gcéanna arís riamh. Fágann sé sin gur gá dúinn cothromaíocht nua a aimsiú. Tá an baol ann, má thagann fórsaí pobalacha i gcumhacht arís i mbliana, go gcaillfidh fiú na Stáit Aontaithe na tréithe sin a fhágann gur comhpháirtí iontaofa iad mar thír.

2.5. Ina fhianaise sin, tá am éiginnte buailte leis an Aontas, agus rioscaí éagsúla ag bagairt air de dheasca cogaí amhail na cinn atá á bhfearadh san Úcráin agus in Gaza, agus caithfidh sé comhghuaillithe sa domhan seo a aimsiú atá, mar atá sé féin, fothaithe ar an smacht reachta agus ar an urraim do na cearta bunúsacha: is iad sin na luachanna a cheanglaíonn Ballstáit an Aontais le chéile.

2.6. Ó thit géarchéim i ndiaidh géarchéime amach, sin le rá géarchéimeanna doimhne eacnamaíocha, sláinte agus geopholaitiúla, tá an éiginnteacht le brath i measc na saoránach agus tá siad ag breathnú chuig a n-institiúidí – bídís sin institiúidí Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla – chun iad a chosaint ar imthosca díobhálacha saoil a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar rioscaí seachtracha nó eacnamaíocha, sin agus ar ionsaithe ar ár luachanna bunúsacha, ar bhagairtí sláinte nó ar ioncam cuibhiúil a chailleadh.

3. An tAontas Eorpach mar ghníomhaí domhanda ar son na síochána, na slándála, na trádála agus an dul chun cinn

3.1. Le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an Aontas teacht slán as cibé géarchéim a bhí roimhe a bhuí leis na bunphrionsabail atá aige, a bhuí leis na Ballstáit a sheas go dlúth le chéile agus a bhuí leis an acmhainneacht fhioscach atá san Aontas, acmhainneacht a dtacaíonn na Ballstáit go mór léi. Is mar gheall air sin a bhí an tAontas in ann freagairtí tapúla a thabhairt agus dul i mbun gnímh.

3.2. Ag gníomhú dóibh ina n-aonar, níl na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn sa lá atá inniu ann ach, ag gníomhú dóibh le chéile, tá sé de neart iontu tionchar a imirt ar an todhchaí. Fágfaidh an t-athrú aeráide agus céimniú amach na mbreoslaí iontaise go mbeidh gá le beartas nua maidir le huathriail straitéiseach an Aontais. Anuas air sin, tiocfaidh athrú ar chothromaíocht dhomhanda na cumhachta agus is baol go rachaidh na coinbhleachtaí domhanda in olcas. Seachas freagairt dó sin ar an leibhéal náisiúnta, rud nach ndéanfadh ach an tAontas a lagú, ní mór fís shoiléir agus ról polaitiúil comhpháirteach níos láidre a bheith ag an Eoraip sa chomhthéacs geopholaitiúil nua seo le go mbeidh sí in ann freagairt níos éifeachtaí agus níos gasta a thabhairt.

3.3. Ba cheart don Aontas a chuid saoránach a chumhachtú agus slándáil a chinntiú i roinnt réimsí ar mhaithe le hiad a chosaint ar an méid seo a leanas: naimhde seachtracha; rioscaí sláinte agus paindéimí nach ann dóibh go fóill; bagairtí hibrideacha mar aon le mí-úsáid nó drochúsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha; riosca na bochtaineachta, an eisiata agus an idirdhealaithe, agus deiseanna eacnamaíocha agus saothair á ndaingniú do chách ag an am céanna; riosca éigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta; agus, ar deireadh, bagairtí ar an daonlathas rannpháirtíochta, trí bhíthin rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach sa saol sibhialta, polaitiúil agus daonlathach.

3.4. Gníomhaíonn an tAontas ar son na síochána, agus ní mór dó é sin a dhéanamh i gcónaí. Is gá acmhainneacht taidhleoireachta an Aontais a fheabhsú chun nach amháin go mbeidh an Comhbheartas Slándála agus Cosanta ann, ach chun go mbeidh ar a chumas coinbhleachtaí a réiteach agus a chosc i ndáiríre freisin. Ba cheart cosaint a thabhairt, mar chuid den bheartas sin, i gcoinne cur isteach ón taobh amuigh a dhéanfadh iarracht an bonn a bhaint den tsochaí agus d'institiúidí daonlathacha, agus ba cheart tabhairt faoi iltaobhachas nua ann chomh maith, i gcomhréir leis na dlíthe idirnáisiúnta. Thairis sin, chun gur féidir comhbheartas cosanta an Aontais a bhunú, teastaíonn fíor-chomhbheartas eachtrach lánfheidhme a n-áirítear níos mó ann ná an comhar feabhsaithe atá ann faoi láthair (i.e. an Comhbheartas Slándála agus Cosanta). Chuige sin, ba cheart modhanna leordhóthanacha ábhartha agus neamhábhartha araon a thabhairt don Aontas, lena n-áirítear acmhainní dílse.

3.5. Áitíonn CESE:

— go ndéanfaí an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint a chur chun cinn, chomh maith leis an gceartas agus an dul chun cinn ar fud an domhain trí bheart gníomhach a dhéanamh ar son na síochána; go dtacófaí leis an gcóras iltaobhach; go n-áiritheofaí go mbeadh iomaíocht chóir ann; go dtabharfaí aghaidh ar an mbochtaineacht; go gcothófaí idirphlé sóisialta agus sibhialta; go ndéanfaí an daonlathas, cearta an duine agus córas daonnúil bainistithe imirce a chur chun cinn;

— go n-oibreofaí i dtreo tuilleadh comhtháthú polaitiúil, uathriail straitéiseach fheabhsaithe agus fíor-chomhbheartas eachtrach lánfheidhme. Chuige sin, ba cheart don Aontas labhairt d'aon ghuth laistigh d'institiúidí iltaobhacha agus leas a bhaint as ról idirnáisiúnta an euro mar shócmhainn straitéiseach. Molann CESE vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach i mbeartas eachtrach an Aontais;

— go neartófaí Comhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais, lena n-áirítear borradh a chur faoi theicneolaíochtaí coiteanna straitéiseacha agus chriticiúla an Aontais agus cumais chosanta, agus an comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas a threisiú;

— go ndéanfaí Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme mar straitéis uileghabhálach de chuid an Aontais, straitéis a bheadh tiomnaithe don tsíocháin agus do dhul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Ní bhainfear an méid sin amach ach amháin má bhíonn an tsochaí shibhialta rannpháirteach ar bhealach struchtúrtha agus fóinteach;

— go gcothófaí beartas trádála Eorpach atá oscailte agus bunaithe ar rialacha chun bearta lárnacha eile de chuid an Aontais a chomhlánú agus chun bheith mar chrann taca fúthu, is é sin beartais a bhaineann leis na cearta bunúsacha agus an smacht reachta, i dteannta leis an mbeartas atá ann i dtaca leis an aeráid, an digiteáil, an nuálaíocht, an tsochaí agus an tionscal. Le comhaontuithe trádála, ba cheart athléimneacht an Aontais a mhéadú trí allmhairí a éagsúlú, deiseanna margaidh a chruthú do chuideachtaí Eorpacha, cúrsaí slándála a fheabhsú agus rioscaí geopholaitiúla a mhaolú, agus ba cheart freisin forfheidhmiú caighdeán sóisialta agus comhshaoil a chur chun cinn agus cothrom na Féinne ar fud an domhain a chinntiú ar mhaithe leis an iomaíocht chóir san am céanna. Is mó rochtain a bhíonn ar amhábhair chriticiúla agus ionchur eile – lena n-áirítear an fuinneamh – mar thoradh ar chomhaontuithe trádála agus d'fhéadfadh sé sin cuidiú le slabhraí soláthair ní b'athléimní, ní b'inbhuanaithe agus ní ba fhreagraí a dhaingniú san Aontas;

— go n-aithneofaí a thábhachtaí atá an treoir a glacadh le déanaí maidir leis an dícheall cuí agus go n-iarrfaí go gcuirfí chun feidhme í go héifeachtach, agus cearta an duine agus breithnithe comhshaoil á gcur san áireamh mar chuid lárnach de shlabhraí soláthair agus oibríochtaí cuideachta áirithe.

4. **Cosaint luachanna an Aontais agus an urraim do na cearta bunúsacha agus an éagsúlacht**

4.1. Eoraip ina bhfuil meas mór ar an éagsúlacht agus inar tosaíocht an smacht reachta agus na cearta bunúsacha, ba bhunchloch sochaí comhtháite caoinfhulangaí ab ea Eoraip den sórt sin. Ba cheart don Aontas an fód a sheasamh ar son an smachta reachta mar bhunphrionsabal agus dea-shampla a thabhairt sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus an idirdhealaithe. Sna tíortha ar fad ina bhfuil cúl á thabhairt leis an smacht reachta, tá na mná, pobal LGBTQIA+ agus/nó grúpaí leochaileacha á mbrú faoi chois. Is éard is comhrac ar son an smachta reachta ann comhrac ar son an chomhionannais, ar son oideachas neamhchlaonta dár leanaí, ar son shaoirse ár leanaí léirsiú a dhéanamh ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe, agus ar son shaoirse na n-iriseoirí agus chosantóirí chearta an duine chun tuairimí a nochtadh. Baineann gné eacnamaíoch le comhlíonadh an smachta reachta freisin agus tá tionchar aige sin ar chinntí trádála agus infheistíochta, ós fíor gur cuid riachtanach de thimpeallacht chobhsaí intuartha do chuideachtaí agus do thomhaltóirí an smacht reachta. Tathantaíonn CESE ar an Aontas Eorpach beart a dhéanamh ar mhaithe leis an urraim don smacht reachta ar fud an Aontais agus an domhain mhóir.

4.2. Is den ríthábhacht é luachanna bunúsacha an daonlathais, na dlúthpháirtíochta, chearta an duine, an chomhionannais, na hinbhuanaitheachta agus an smachta reachta a chur i gcroílár gach aon phlé a dhéantar faoi rath an Aontais. Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag ESSanna maidir leis na luachanna sin a chaomhnú agus a dhaingniú. Bíonn siad ag obair Domhnach is dálach chun rannpháirtíocht na saoránach agus an tsaoránacht ghníomhach a chur chun cinn, chun tacú le hidirphlé sibhialta agus sóisialta, chun an fód a sheasamh ar son chearta an duine agus chun cleachtais dhaonlathacha a chothú. Is an-luachmhar go deo an obair sin chun cur le neart, athléimneacht agus ionadaíocht an Aontais.

4.3. Is tosaíocht é go n-aithneofar agus go gcuirfear chun suntais an ról fíor-riachtanach atá ag ESSanna maidir leis na prionsabail sin a chosaint, mar go dtugann sé bonn láidir don fhís chuimsitheach atá againn den chineál Eoraip atá uainn.

4.4. Dá bhrí sin, áitíonn CESE:

— go ngníomhódh an tAontas, tráth athbhreithnithe na gConarthaí lá is faide anonn, chun a chinntiú go n-urramófaí an smacht reachta, na cearta bunúsacha agus an éagsúlacht trí athruithe ar na sásraí cinnteoireachta a fhiosrú. Ní mór an daonlathas a chosaint ar bhagairtí inmheánacha agus seachtracha trí spás sibhialta cumasúcháin a fhorbairt laistigh de theorainneacha an Aontais agus lasmuigh díobh, mar aon leis an bpacáiste maidir le cosaint an daonlathais a leasú chun aon lúb ar lár a bhaineann an bonn d'institiúidí daonlathacha a chur ina ceart;

— go mbunófaí Sciath Eorpach don Daonlathas le go gcosnófaí i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus bréagaisnéise agus le sláine na bpróiseas daonlathach ar fud an Aontais a chaomhnú;

— go gcinnteofaí go mbainfeadh an tAontas an chothromaíocht cheart amach, faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, idir bainistiú imirce atá éifeachtach agus réalaíoch ar thaobh amháin agus daonnúil agus inbhuanaithe ar an taobh eile d'fhonn bealaí dlíthiúla chun teacht isteach san Aontas a chur chun cinn, ach slándáil agus rialú theorainneacha seachtracha an Aontais á n-áirithiú san am céanna, sin agus cur chuige bunaithe ar chearta i leith an tearmainn agus cuimsiú na n-imirceach agus na ndídeanaithe i margadh an tsaothair. Is gá lánurraim do chearta an duine agus don dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a ráthú i gcónaí;

— go ndéanfaí beart mar ábhar práinne chun 'Aontas an Chomhionannais' a bhunú do gach duine de gach aois. Ciallaíonn sé sin gur gá na creataí dlíthiúla atá ann cheana i gcoinne an idirdhealaithe a neartú agus gur gá a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú iomlán a áirithiú. Is gá freisin post an Choimisinéara um Chomhionannas i gColáiste nua na gCoimisinéirí a threisiú, agus a chinntiú go mbeidh sainchúraimí tiomnaithe air agus Ard-Stiúrthóireacht chuí ann dó.

5. **Ag ullmhú don mhéadú agus d'athchóirithe**

5.1. Ar mhaithe lena chinntiú gur i dtreo na síochána, an rathúnais agus an daonlathais atá an tionscadal Eorpach ag dul i gcónaí, agus d'fhonn cobhsaíocht fhadtéarmach a chruthú ar an mór-roinn seo againn, ní mór dúinn an teaghlach a mhéadú agus teacht isteach a thabhairt do Bhallstáit nua ó na Balcáin Thiar agus ó thíortha comharsanacha na Rúise, amhail an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia. Is féidir nach iomchuí a thuilleadh próisis chinnteoireachta an Aontais le haghaidh Aontas ina bhfuil 30-35 thír. Cúram tábhachtach a bheidh le cur de ag an gcéad Choimisiún Eorpach eile is ea institiúidí a ullmhú agus, más gá, a chur in oiriúint, agus faireachán cúramach á dhéanamh ag an am céanna ar dhul chun cinn na dtíortha is iarrthóirí i dtaca le luachanna bunaidh agus *acquis* an Aontais. Ag obair go dlúth le Parlaimint na hEorpa, ní mór don chéad Choimisiún eile a chinntiú gur méadú a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais agus do shaoránaigh na dtíortha is iarrthóirí araon aon mhéadú a tharlóidh amach anseo, agus go gcoinneofar ardchaighdeáin inbhuanaitheachta an Aontais.

5.2. Is gá freisin coigeartú a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais, agus ar acmhainní dílse an Aontais, chun beartais infheistíochta Eorpacha a chur chun feidhme. Chuige sin, b'fhiú b'fhéidir breathnú ar an ionstraim théarnaimh Next Generation EU agus an chiall ar fad atá ceannaithe uaithi sin.

5.3. Mar chuid de sin, ba cheart borradh a chur faoi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe agus ról ar leith a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta. Anuas air sin, ba cheart do gach páirtí polaitiúil an fód a sheasamh ar son a gceart chun dul i gcomhlachas, ar son na saoirse chun tuairimí a nochtadh, ar son shaoirse an phreasa agus ar son shaoirse na meán, sin agus ba cheart dóibh cur i gcoinne aon mhonaplacht faisnéise nó aon chúbláil ar an dioscúrsa poiblí.

5.4. Tá an beartas comhtháthaithe fós ar cheann de na colúin bhunúsacha atá ag an Aontas chun feidhmiú ar an leibhéal is cóngaraí don saoránach agus chun na neamhionannais ó réigiún go réigiún san Aontas agus i measc na ndaoine a laghdú. Ní mór beartas láidir infheistíochta a bheith ann i gcónaí i dtaca leis an mbeartas comhtháthaithe le go mbeidh sé curtha in oiriúint do riachtanais an lae amárach chun tacú leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ar fud an Aontais agus chun oibriú san am céanna i dtreo comhdheiseanna agus dálaí maireachtála agus oibre níos fearr do chách. Tá bunphrionsabal an bheartais comhtháthaithe, i.e. an prionsabal 'gan aon duine a fhágáil ar lár', fós fónta agus bailí. Tá ESSanna réidh chun leanúint de bheith ag obair i dtreo chuspóirí an comhtháthaithe trí bhíthin phrionsabal na comhpháirtíochta, an rialachais il-leibhéil agus na bainistíochta comhroinnte. Ba cheart aird ar leith a thabhairt thar ní ar bith eile ar na réigiúin a bhfuil saintréithe sonracha acu, amhail na réigiúin is forimeallaí, na limistéir shléibhtiúla agus na hoileáin. Ba cheart a bheith in ann, leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le méadú, mar aon leis an riosca go dtiocfadh éagothromaíochtaí chun cinn idir na réigiúin toisc nach ann do bheartais fhónta dhea-mhaoinithe chomhtháthaithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil a thacódh leis an gclár oibre slándála.

5.5. Sa chomhthéacs sin, iarrann CESE go mbeadh Coimisinéir ar leith ann i gcónaí a mbeadh bainistiú an bheartais thábhachtaigh sin de shainchúram air. De bhreis air sin, tá CESE i gcoinne athrú an bheartais comhtháthaithe ina ionstraim shimplí le haghaidh téarnamh eacnamaíoch nó ina uirlis chun dul i ngleic le géarchéimeanna éigeandála.

5.6. Tá céim thábhachtach glactha ag CESE cheana féin i dtreo an mhéadaithe, agus cead *ad hoc* tugtha aige d'ionadaithe ESSanna ó na tíortha is iarrthóirí a bheith rannpháirteach i roinnt cruinnithe de chuid CESE. Molaimid d'institiúidí eile de chuid an Aontais sampla CESE a leanúint agus cead a thabhairt d'ionadaithe ó na tíortha is iarrthóirí rochtain a fháil ar ghnáthchruinnithe an Aontais. Ní hamháin gur léiriú soiléir a bheadh sa mhéid sin ar rún daingean an Aontais leanúint ar aghaidh leis an méadú, ach thabharfadh sé deis do na tíortha sin foghlaim faoin gcaoi a bhfeidhmíonn CESE agus an tAontas i gcoitinne chomh maith.

5.7. Iarrann CESE:

— go leanfadh Parlaimint na hEorpa sampla CESE agus na tíortha is iarrthóirí a áireamh, go páirteach ar a laghad, in obair laethúil an Aontais trí bhíthin comhpháirtíochtaí láidre;

— go gcuirfí beartas comhtháthaithe an Aontais in oiriúint do riachtanais an lae amach trí bhíthin bearta córa cothroma athdháilte le haghaidh na dtíortha is iarrthóirí agus le haghaidh réigiúin sin na mBallstát reatha ar dóichí go mbeadh athruithe iontu faoi thionchar an mhéadaithe;

— go ndéanfaí machnamh san Aontas ar vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach i bpróiseas aontachais an Aontais, ar a laghad le haghaidh gach céime idirmheánaí, agus ar chinntí a chur in iúl don phobal i gcoitinne ar bhealach oscailte trédhearcach nach deacair a aimsiú. Ba cheart bearta forfheidhmiúcháin níos láidre a ghlacadh i dtaca leis na cearta bunúsacha.

6. **Fás, iomaíochas agus infheistíocht inbhuanaithe chuimsitheach an Aontais a dhaingniú**

6.1. I bhfianaise dhreach nua na geopholaitíochta agus na ndúshlán atá ag dul i gcastacht in aghaidh an lae, iarraimid ar an Aontas Eorpach beart cinntitheach a dhéanamh chun a iomaíochas, a rathúnas agus a cheannaireacht a áirithiú ar an leibhéal domhanda ar bhonn fadtéarmach. Táthar ag tuar go dtiocfaidh laghdú leanúnach ar sciar an Aontais den gheilleagar domhanda ó bheagnach 15 % go gan ach 9 % faoi 2050 ([1]). Leis sin, is riachtanach feabhas a chur ar gach beartas ar maith an seans go neartódh sé táirgiúlacht agus iomaíochas inbhuanaithe an Aontais. Is práinneach infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus sa mhonaraíocht ar mhaithe leis an uathriail straitéiseach oscailte a neartú, cuir i gcás infheistíocht i réimsí amhail an tionscal glan-nialasachta, an geilleagar ciorclach, amhábhair chriticiúla, an Gníomh Eorpach um Shliseanna agus teicneolaíochtaí cosanta agus straitéiseacha. Ba cheart freisin an infheistíocht sin a ailíniú le comhchuspóirí sóisialta agus comhshaoil d'fhonn dea-bhail na nglúnta atá le teacht a chothú.

6.2. I bhfianaise gach a bhfuil tite amach le blianta beaga anuas ó thaobh an athraithe aeráide, an truaillithe agus athruithe bithéagsúlachta de, tugadh ar an Eoraip tabhairt faoin gComhaontú Glas go huile agus go hiomlán. Tá géarghá ag an Aontas le Comhaontú Glas agus Sóisialta a bheadh bunaithe ar gheilleagar na dea-bhaile agus ar choincheap nua rathúnais do dhaoine agus don phláinéad d'fhonn aistriú cóir agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú. Ionas nach gcuirfí ualach mór ar chuideachtaí mar gheall ar na hiarrachtaí sin, ní foláir cur chun feidhme cuí agus éifeachtach a áirithiú trí phleananna gníomhaíochta réalaíocha a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta, agus trí thacaíocht a thabhairt do na fiontair, go háirithe FBManna, féachaint leis an iomaíochas a choinneáil agus fostaíocht iomlán ardcháilíochta a dhaingniú.

6.3. Príomhréimse tosaíochta eile is ea an Comhaontú Gorm don Eoraip. Á chur san áireamh a bhunriachtanaí atá an t-uisce agus i bhfianaise na ndúshlán atá ann sa domhan mór agus ar an mór-roinn seo againne, bídís ann cheana féin nó bídís ar an mbealach, ba cheart tús áite a thabhairt don uisce agus ba cheart Comhaontú Gorm don Eoraip a ghlacadh mar bheartas straitéiseach neamhspleách, ós rud é nach féidir an beartas uisce a theorannú don bheartas aeráide amháin. Tá forluí páirteach idir an Comhaontú Gorm agus an Comhaontú Glas don Eoraip, ach tá réimsí éagsúla gníomhaíochta agus cineálacha éagsúla cur chuige iontu. Is féidir leis an Eoraip breathnú ar na dúshláin atá ann ó thaobh uisce de mar dheis seachas mar dhúshlán, deis chun dul i mbun forbairt theicneolaíoch, dul chun cinn sochaíoch a dhéanamh, poist nua a chruthú agus scileanna agus gnó a chur chun cinn, agus sin uile a dhéanamh ar bhealach ina n-urramaítear an comhshaol agus ina gcosnaítear acmhainní uisce chun leasa cách.

6.4. Tá acmhainneacht ollmhór nuálaíochta ag an Eoraip, acmhainneacht a thabharfadh teacht isteach don gheilleagar Eorpach san iomaíocht dhomhanda. Bíodh sin mar atá, tá bac ar fhás eacnamaíoch cothrom agus inbhuanaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon mar gheall ar athruithe déimeagrafacha, infheistíocht neamhleor i gcórais oideachais dírithe ar an todhchaí agus scileanna nua, drochdhálaí oibre i roinnt earnálacha agus deiseanna teoranta soghluaisteachta a chruthaíonn ganntanas lucht saothair. Sa rás domhanda chun tallann a mhealladh, ní mór don Eoraip an lámh in uachtar a fháil trí bheith ina háit tharraingteach chónaithe agus oibre, gan beag is fiú a dhéanamh de na rioscaí a bhaineann le himirce daoine oilte laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha. Chun go n-éireoidh le tionscnamh beartais sa réimse sin, beidh gá le cur chuige iomlánaíoch lena dtabharfar aghaidh ar gach uile ghné de na dúshláin sin. Ba chríonna an mhaise dúinn é idirphlé sóisialta a dhéanamh an tráth seo agus saol na hoibre á athrú go han-tapa.

6.5. Ní mór margadh aonair nuachóirithe dea-fheidhmiúil a bheith i gcroílár gheilleagar an Aontais, ina gcuirtear tuilleadh deiseanna ar fáil go cothrom do chuideachtaí, d'oibrithe agus don phobal i gcoitinne. Ní mór infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua a spreagadh le creat rialála cobhsaí réamhbhreathnaitheach atá bunaithe ar bheartais intuartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ní mór do na Ballstáit agus don Aontas a áirithiú nach gcruthófar aon saobhadh iomaíochta agus sásraí maoiniúcháin á bhforbairt chun tacú le hinfheistíocht den sórt sin.

([1]) PwC (2017), The long view: how will the global economic order change by 2050?.

6.6. Chun tacú le baint amach na gcuspóirí sin, ba cheart don Aontas creat rialála a ghlacadh lena n-áiritheofaí an deimhneacht dhlíthiúil agus an intuarthacht, ceann a bheadh níos comhtháite agus níos comhsheasmhaí ar fud na réimsí beartais, é oscailte i leith cuir chuige nuálacha agus é digiteach mar réamhshocrú. Ní mór an ró-rialáil agus an rómhaorlathas a chosc leis an gcreat rialála sin freisin, gan dochar a dhéanamh do na bunchuspóirí reachtacha atá aige. Tá sé ag éirí níos coitianta i measc na rialtas náisiúnta tús áite a thabhairt do leasanna ar de chineál náisiúnta iad, dar leo, agus tá sé sin ag déanamh dochar d'éifeachtúlacht an mhargaidh agus ag cruthú ilroinnt ann. Tá sé d'oibleagáid ar institiúidí an Aontais a chinntiú go gcuirtear rialacha an Aontais chun feidhme go héifeachtach agus gníomh a dhéanamh go pras agus go héifeachtach i gcás neamhchomhlíonadh ag Ballstát. Tá gá le creat rialála ina bhfuil an chothromaíocht cheart idir an nuálaíocht agus an infheistíocht a spreagadh ar thaobh amháin agus breithnithe slándála de gach uile shórt a bhainistiú ar an taobh eile. Ar an gcaoi sin, bheifí in ann leas iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le hacmhainneacht nuálaíochta na hEorpa i réimse na dteicneolaíochtaí glana nua. Chomh maith leis sin, gabhann buntáistí le bheith ar an gcéad ghníomhaí chun oibriú i dtreo tionscail ní ba ghlaise agus i dtreo neamhspleáchas na dtionscal sin ar bhreoslaí iontaise. Ar deireadh, chruthódh creat rialála den sórt sin éiceachóras níos comhtháite ina dtacaíonn an tionscal agus na seirbhísí monaraíochta le chéile.

6.7. Ní féidir bonn tionsclaíoch níos láidre, claochlaitheach agus iomaíoch a bheith ann gan infheistíocht ollmhór agus ba cheart an infheistíocht sin a mhaoiniú, a rialáil agus a chur chun feidhme ar bhealach lena gcaomhnófaí sláine an mhargaidh aonair agus lena ndúnfaí aon bhearna idir an tAontas agus a chomhpháirtithe idirnáisiúnta ar thaobh amháin agus a phríomhiomaitheoirí ar an taobh eile, sin le rá bearnaí ó thaobh fáis, táirgiúlachta agus nuálaíochta de. Ba cheart beartas tionsclaíoch éifeachtach a chur chun feidhme lena ndéanfaí ár dtionscal a dhícharbónú ar bhealach iomaíoch, lena bhforbrófaí buntáiste iomaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí digiteacha agus glana agus lena ndéanfaí na slabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú, sin agus bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na hEorpa a neartú chomh maith. Le haghaidh an bheartais seo, tá gá le bearta córa chun tacú leis an aistriú, cuir i gcás trí infheistíocht a dhéanamh i riarachán poiblí nua-aimseartha agus seirbhísí poiblí nua-aimseartha, trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar agus infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí ardchaighdeáin leasa ghinearálta.

6.8. Ba cheart infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sna Ballstáit a dhíriú ar a mbonneagar a thabhairt cothrom le dáta. Teastaíonn comhordú ar gach leibhéal chun éifeachtacht na hinfheistíochta poiblí a áirithiú, arb infheistíocht í sin a dhéanann an tAontas nó Ballstáit aonair a mhaoiniú. D'fhéadfaí spás fioscach a chruthú i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais le haghaidh infheistíochta, rud, ar a sheal, a d'fhéadfadh sásraí nuálacha maoiniúcháin a chruthú leis an earnáil phríobháideach chun go n-úsáidfí acmhainneacht iomlán na tacaíochta airgeadais atá ann ar leibhéal an Aontais le haghaidh infheistíocht den sórt sin. Ionas go dtarlódh a leithéid, d'fhéadfadh sé gurbh éifeachtaí creat níos uaillmhianaí maidir le hairgeadas inbhuanaithe a bheith ann chun a chinntiú go mbeadh an infheistíocht phríobháideach ag teacht le comhchuspóirí an Aontais. Is féidir cuidiú le tionscadail uaillmhianacha nuálaíochta agus infheistíochta a mhaoiniú ach roghanna malartacha airgeadais, amhail ardáin iasachtaithe, sluachistiú infheistíochtbhunaithe, caipiteal fiontair agus margaí bannaí, a dhéanamh níos tarraingtí agus níos sorochtana do ghnólachtaí de gach méid agus do dhaoine aonair. Tá feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais an-tábhachtach má táthar chun aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach atá ag éirí níos digití de réir a chéile, geilleagar inar dlúthchuid an fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach.

6.9. Is den ríthábhacht aontas na margaí caipitil a thabhairt chun críche ionas go bhféadfaí na hacmhainní is gá a shlógadh lena n-infheistiú san aistriú glas agus san aistriú digiteach, agus ar mhaithe le huathriail straitéiseach an Aontais chomh maith. Tá an-tábhacht leis an Aontas Baincéireachta má tá Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta fóinteach le bheith ann. Is féidir le geilleagar an Aontais a bheith ní ba chobhsaí agus ní b'athléimní ó thaobh cúrsaí airgeadais de ach an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche.

6.10. Sa bhreis air sin, tá borradh nach beag tagtha ar úsáid na hintleachta saorga sa lá atá inniu ann agus d'fhéadfadh sé sin rannchuidiú leis an táirgiúlacht a mhéadú agus le múnlaí eagrúcháin oibre a fheabhsú, ach sin amháin, ar ndóigh, má dhéantar an intleacht shaorga a bhainistiú go cuí faoi stiúir an duine.

6.11. Seo a leanas seasamh CESE:

— iarrann sé ar Pharlaimint nua na hEorpa agus ar an gCoimisiún Eorpach nua an leas is mó is féidir a bhaint as an sainordú a tugadh dóibh agus na pleananna atá acu a chur chun feidhme, is é sin na pleananna chun an pláinéad a chosaint, chun infheistiú san fhás agus san iomaíochas eacnamaíoch inbhuanaithe agus chun dlús a chur le huathriail an Aontais i réimsí straitéiseacha, ar mhaithe le dea-bhail na nglúnta atá le teacht agus i gcomhréir le cothroime idirghlúine. Ba cheart dóibh coinneáil leo ag saothrú aistrithe (i.e. an t-aistriú glas, an t-aistriú gorm agus an t-aistriú digiteach) agus nuálaíocht atá cóir go sóisialta, d'fhonn poist ardcháilíochta agus athléimneacht a áirithiú i dtaca leis an tionscadal Eorpach;

— molann sé go bhfoghlaimeofaí ó Next Generation EU agus go nglacfaí tograí agus gealltanais reatha maidir le hacmhainní dílse nua do bhuiséad an Aontais, le huirlis infheistíochta AE ar a bhuí léi a d'fhéadfadh teicneolaíochtaí áirithe criticiúla agus straitéiseacha, i gcás inarb infheidhme, a chur faoi réir rialachas poiblí, agus na hinfheisteoirí go léir, poiblí agus príobháideach araon, á gcosaint san am céanna;

— molann sé go ndéanfaí samhail an gheilleagair shóisialta margaidh atá ann san Eoraip a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas: tacú leis an bhfiontraíocht agus leis an nuálaíocht; infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i scileanna ar ardchaighdeán; an ceart chun foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear athsciliú agus uas-sciliú, a áirithiú; cáilíochtaí gairmiúla ar ardchaighdeán a chothú; poist inbhuanaithe ardcháilíochta a chruthú, lena n-áirítear i gcineálacha nua oibre; comhoibriú a chothú idir institiúidí oideachais agus oiliúna; agus rochtain éifeachtach ar oiliúint ar ardchaighdeán a áirithiú do chách;

— molann sé go gcuirfí treise leis na rialacha reatha atá ann i dtaca leis an margadh aonair ar mhaithe le dinimic nua a chruthú chun bacainní ar shoghluaisteacht trasteorann daoine, earraí, seirbhísí, caipitil agus sonraí a bhaint. Is tábhachtaí fós an méid sin ó tharla gur lú cothrom iomaíochta atá sa mhargadh aonair mar gheall ar na díolúintí a tugadh isteach le blianta beaga anuas chun dul i ngleic le géarchéimeanna éagsúla agus toisc gur moillíodh ar na bacainní atá ar an tsoghluaisteacht a bhaint;

— tacaíonn sé le FBManna a chruthú agus a fhorbairt trí bheart a dhéanamh de réir briathair a mhéid a bhaineann leis an bprionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga', trí chreat reachtach cobhsaí a chur ar fáil, na próisis riaracháin a chuíchóiriú chun tacú le FBManna, trí chothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair agus, ar deireadh, trí rochtain a thabhairt do FBManna ar fhuinneamh in-athnuaite ar phraghsanna inacmhainne;

— iarrann sé go mbeadh Straitéis láidir Eorpach maidir le tionsclaíocht ann chun an sprioc do 2040 a chomhlánú, is é sin laghdú 90 % a dhéanamh ar CO_2 agus poist ardcháilíochta a choinneáil san Eoraip. Ina fhianaise sin, tá géarghá le plean gníomhaíochta cuimsitheach, amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan atá beartaithe, faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a thabhairt isteach mar thosaíocht straitéiseach chun iomaíochas inbhuanaithe an Aontais a ardú agus a áirithiú;

— molann sé go ndéanfaí roinnt dul chun cinn maidir le hathbheocht a chur in earnáil feirmeoireachta an Aontais agus an fhorbairt tuaithe a chothú trí chur le tarraingt na hearnála i measc daoine óga agus daoine a bhfuil feirmeacha agus fiontair bheaga, mheánmhéide nó teaghlaigh á reáchtáil acu, d'fhonn tréigean na tuaithe a sheachaint. Ba cheart tacú leis na feirmeoirí sin trí bhíthin comhbheartas talmhaíochta tar éis 2027 a mhaoineofar go cuí lena gcosnófar an táirgeadh bia san Eoraip agus lena n-áiritheofar athléimneacht ina leith. Ní go dtí go mbeifear in ann riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a chomhlíonadh ar bhealach cothrom a bheidh an fheirmeoireacht agus pobail bheoga tuaithe inbhuanaithe;

— tá sé i bhfabhar geilleagar sóisialta láidir a fhorbairt tríd an moladh maidir leis an ngeilleagar sóisialta ón gComhairle a chur chun feidhme d'fhonn cleachtais ghnó atá freagrach go sóisialta agus sochair phoiblí a neartú (féach Treochlár Liège don Gheilleagar Sóisialta san Aontas);

— is é a bharúil gur aistriú paraidíme atá sa ghéarchéim aeráide: is gá a chinntiú go ndéanfar an comhaontú glas, an comhaontú sóisialta agus an comhaontú gorm a chur chun feidhme, anuas ar na cláir ghaolmhara AE, ós réimsí beartais idirnasctha iad. Ní mór bearta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun na hiarmhairtí a bheidh ag an athrú aeráide a thuar agus na costais a ghabhfaidh leis a thomhas, mar gheall ar thuilte, drochtháirgeadh barr, triomaigh agus tuilleadh eile nach iad. Rud a chuidigh leis an aistriú aeráide ná gur aithníodh gur féidir leis na saoránaigh a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha agus ról a bheith acu mar tháirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh;

— molann sé go ndéanfaí aistriú cóir agus cothrom do chách a ráthú, go ndéanfaí creat beartais Eorpach um aistriú cóir a chur chun cinn ionas gurbh fhéidir aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe dícharbónaithe, agus go gcinnteofaí go rachadh na haistrithe sin chun tairbhe don phobal i gcoitinne, nach bhfágfaí aon duine ar lár iontu agus go mbeidís bunaithe ar an gcomhtháthú agus ar an dlúthpháirtíocht idirghlúine. Cuireann CESE i bhfios gur cheart beartais de chuid an Aontais a bheith ag gabháil le creat beartais Eorpach um aistriú cóir, bearta a chuirfidh ar chumas fiontar a bheith oilte chun iomaíochta ar bhealach atá cóir agus cothrom, iad a bheith inbhuanaithe, iad a bheith níos láidre agus níos athléimní, sin agus a gcion féin a dhéanamh, trí bhíthin an idirphlé shóisialta, chun aistriú cóir a áirithiú a bheidh dírithe ar na daoine, aistriú a chosnóidh an dúlra agus an comhshaol freisin, aistriú a bheidh de réir na ndálaí áitiúla, aistriú ina dtapófar gach aon deis;

— cuireann sé in iúl gur díol sásaimh dó an cinneadh €86 bhilliún a leithdháileadh ar Chiste Aeráide Sóisialta an Aontais don tréimhse 2026-2032. Ba cheart maoiniú breise ó Chiste Coigeartaithe Aeráide an Aontais, ón gCiste Comhtháthaithe, ón gCiste um Aistriú Cóir agus ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur i leataobh freisin chun tionchar diúltach na géarchéime aeráide a mhaolú, go háirithe an tionchar sin orthu siúd is leochailí;

— cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle le hoibrithe chun tacú leis an ngné chlaochlaitheach de straitéis an Aontais don tslándáil agus don inbhuanaitheacht, ag breathnú chun tosaigh san am céanna chuig an tionchar is dócha a bheidh ag teicneolaíochtaí ceannródaíocha, cuir i gcás an intleacht shaorga. D'fhonn aistriú cóir a bhaint amach i saol na hoibre, ba cheart sásraí comhairliúcháin éifeachtacha agus creat leormhaith a chur ar fáil do na comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal, lena n-áirítear idirphlé sóisialta agus comhaontuithe comhchoiteanna, agus sin i dteannta idirphlé éifeachtach sibhialta leis na geallsealbhóirí ábhartha;

— is é a bharúil gur ríthábhachtach bearta breise a dhéanamh chun aontas na margaí caipitil éifeachtúil comhtháite a fhorbairt i dteannta le hAontas Baincéireachta lánfheidhme a mbeidh gach Ballstát mar chuid de, d'fhonn tuilleadh comhchuibhithe a bhaint amach agus bacainní trasteorann a bhaint, agus rialáil agus faireachas fónta á gcosaint ag an am céanna féachaint leis an gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, tomhaltóirí, infheisteoirí agus coigilteoirí a chosaint agus margadh aonair fónta a bhaint amach.

7. **An ghné shóisialta den tslándáil: fostaíocht, scileanna agus aistriú cóir**

7.1. Cuirtear i bhfáth i nDearbhú La Hulpe, a glacadh an 16 Aibreán 2024 le linn Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, nach mór don Aontas Eorpach cloí, anois níos mó ná riamh agus na dúshláin iomadúla roimhe, lena chroíluachanna maidir le comhionannas agus dul chun cinn sóisialta. Aontaíonn CESE go mór leis sin ([2]).

7.2. Na laethanta seo agus an tAontas ag déileáil leis an athrú aeráide agus an t-athrú déimeagrafach agus leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus slándála atá ann ar fud an domhain, ba cheart an clár oibre slándála a bhunú go docht, mar chuid de ghné shóisialta an Aontais, ar gheilleagar sóisialta margaidh atá an-iomaíoch ar fad, ar fhás inbhuanaithe agus ar lánfhostaíocht ar mhaithe le cóineasú aníos a bhaint amach maidir le dálaí maireachtála agus oibre.

7.3. Ní oibríonn an infheistíocht sa tslándáil ná sa chosaint má tá ilroinnt sa tsochaí. Ba cheart an ghné shóisialta den infheistíocht agus d'athchóirithe a bheith ina cuid lárnach den chlár oibre slándála. Gan Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a ligean i ndearmad mar chreat beartais uileghabhálach, ná fiú baol air, ba cheart a áirithiú, le samhail eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais, go rachaidh na buntáistí a bhaineann leis an margadh aonair, agus go mór mór an t-airgeadra aonair, chun tairbhe do chách ar bhealach cóir agus cothrom.

7.4. Agus tréimhse reachtach nua ag tosú, táthar ag breathnú chuig an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha shóisialta. Creideann CESE gur tosaíocht é aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chuireann na gnéithe éagsúla den chlár oibre slándála i mbaol, agus orthu siúd a bhaineann le gach duine ag an am céanna.

7.5. Tá éagsúlacht shuntasach sa bhochtaineacht agus san eisiamh sóisialta ó aoisghrúpa go chéile, agus is iad leanaí agus daoine scothaosta is mó a bhíonn thíos leo. Tá méadú tagtha ar an mbochtaineacht fuinnimh mar gheall ar an ngéarchéim atá ann maidir le costais mhaireachtála, agus tá níos lú tithíocht inacmhainne ar fáil dá barr freisin. Tá méadú tagtha freisin ar an mbochtaineacht lucht oibre sna tíortha nár éirigh leo an pá a chur in oiriúint don bhoilsciú go fóill, mar thoradh ar an gcumhacht cheannaigh atá caillte iontu. Cuireann sé sin leis na neamhionannais atá ann i measc na ndaoine agus cuireann sé freisin le hilroinnt na sochaí.

7.6. Cuireann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach poist nua ar fáil a dteastaíonn scileanna nua chucu. Ag an am céanna, áfach, cruthaíonn siad éiginnteachtaí d'oibrithe ar gá dóibh na héilimh nua sin a chomhlíonadh. D'fhéadfadh idirphlé sóisialta tacú le hoibrithe agus le fiontair athruithe atá ar na bacáin a thuar. Tá an t-idirphlé sin lag i roinnt Ballstát, áfach, toisc cumhdach íseal cómhargála a bheith iontu. Is iomaí cúis atá le ganntanais lucht saothair, ina measc sin: forbairtí déimeagrafacha; droch-cháil roinnt earnálacha eacnamaíocha, mar gheall ar dhrochdhálaí oibre i measc rudaí eile; claochluithe teicneolaíocha, poist nua a cruthaíodh sa chlaochlú glas agus sa chlaochlú digiteach; agus easpa lucht saothair a bhfuil na scileanna cuí acu don mhargadh saothair.

7.7. Tagann éagothromaíochtaí réigiúnacha chun cinn idir na réigiúin atá i lár an mhargaidh aonair agus na cinn atá ar an imeall, agus idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Is féidir leis na bearnaí sin dul in olcas de dheasca dinimicí éagsúla ó thaobh pá de. Tá ceantair thuaithe thar a bheith tábhachtach don chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, don talmhaíocht agus do chórais bhia inbhuanaithe.

7.8. Tá dúshlán fós le sárú ann maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionóiscí agus galair cheirde. Má bhainimid úsáid as na teicneolaíochtaí is fearr atá againn, is féidir cur leis na bearta coisctheacha chun an timpeallacht oibre a fheabhsú.

7.9. Tá méadú scáfar tagtha ar an dífhostaíocht i measc na mban agus an t-eisiamh a dhéantar orthu i roinnt tíortha. Tá dul chun cinn déanta maidir le comhdheiseanna idir fir agus mná, ach tá an-chuid fós le déanamh chun go mbeadh na comhdheiseanna céanna ann ó thaobh poist cheannaireachta de. Ainneoin chreat dlíthiúil an Aontais, déantar idirdhealú fós ar ghrúpaí áirithe amhail daoine óga, daoine faoi mhíchumas, oibrithe de bhunadh imirceach agus pobail LGBTQIA+. Má tá an daonra chun maireachtáil faoi dhínit, agus é ag dul in aois, teastaíonn seirbhísí cúraim inacmhainne.

7.10. D'fhéadfadh beartais infheistíochta sóisialta, má dheartar iad mar is ceart, tionchar dearfach a imirt ar an bhfás eacnamaíoch, ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas cuimsitheach agus inbhuanaithe, trí rud atá ríthábhachtach chun poist mhaithe a choinneáil san Eoraip ([3]) agus chun cuidiú leis na dúshláin a leagtar amach thuas a réiteach. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint de na hathchóirithe agus na beartais faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme mar ghealltanas polaitiúil comhroinnte.

([2]) IO C, C/2024/4056, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4056/oj.

([3]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO C, C/2024/3378, 31.5.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2024/3378/oj) agus Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (a) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 30 bliain den mhargadh aonair [COM(2023) 162 final] (b) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030 (IO C, C/2024/4056, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4056/oj).

7.11. A mhéid a bhaineann le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta, ba cheart leas a bhaint as na hionstraimí éagsúla AE atá ann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leagtar amach thuas d'fhonn sochaí chomhtháite a chruthú lena gcinnteofar leibhéal níos airde slándála don Aontas, dá shaoránaigh agus dá gheilleagar.

7.12. Ba cheart tacú le beartais shóisialta trí úsáid níos fearr a bhaint as cláir beartais comhtháthaithe, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus trí thionscnaimh bheartais arna maoiniú go náisiúnta agus arna gcómhaoiniú go príobháideach a thabhairt isteach. Tá sé ríthábhachtach cur chuige beartais iomlánaíoch, comhordaithe agus comhtháite a bheith ann ar leibhéal an Aontais, cuir i gcás buiséad AE lena bhfreastalófaí ar bhealach ní b'fhearr ar na riachtanais shóisialta atá ann agus a chuirfí i bhfeidhm trí bhíthin an tSeimeastair Eorpaigh athchóirithe agus an Chreata um Chóineasú Sóisialta a ghabhann leis, i gcomhréir le beartas fónta eacnamaíoch, sóisialta agus airgeadais.

7.13. Ina theannta sin, a bhuí le córais cosanta sóisialta agus beartais shóisialta, bíonn na Ballstáit in ann na hoibleagáidí sóisialta agus na hoibleagáidí maidir le cearta an duine atá orthu a chomhlíonadh. Is é an múnla sóisialta atá againn a fhágann go bhfuil an tAontas uathúil agus is é a idirdhealaíonn an tAontas óna chuid iomaitheoirí agus a chuireann chun tosaigh orthu é. Is é is aidhm do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus an bhochtaineacht a chomhrac go héifeachtach, trína athdhearbhú go bhfuil cearta sóisialta ina ndlúthchuid de bheartais an Aontais agus go bhfuil nasc soiléir idir an Colún agus ionstraimí eile de chuid an Aontais a bhaineann le caiteachas sóisialta. Beidh sé ríthábhachtach an nasc idir an Colún agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a neartú chun an dul chun cinn a rianú agus chun a áirithiú go ndéanfar na beartais shóisialta a chistiú go leordhóthanach agus a chur chun feidhme go leormhaith.

7.14. Leis na rialacha athbhreithnithe maidir le hathchóiriú ar rialachas eacnamaíoch, ní mór tacú le hathchóirithe struchtúracha chun fás a spreagadh agus le hinfheistíocht phoiblí, chomh maith le húinéireacht na bpleananna sna Ballstáit a mhéadú. Níor cheart na rialacha sin dochar a dhéanamh do chaiteachas poiblí ar sheirbhísí bunriachtanacha amhail córais sláinte, oideachas agus ceartas, rud a d'imreodh tionchar ar a gcáilíocht agus ar a gcuimsitheacht. Ionas gur féidir cur i gcoinne na n-éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, tá sé ríthábhachtach spás fioscach AE a chruthú chun an caiteachas sóisialta a chobhsú agus an infheistíocht a fheabhsú. Ba cheart earraí poiblí Eorpacha, a bhfuil roinnt díobh luaite thuas, a mhaoiniú le hinfheistíocht ón Aontas chomh maith. Is féidir torthaí suntasacha a ghiniúint ó thaobh fás eacnamaíoch de ach infheistíocht shóisialta agus athchóirithe sóisialta dea-ullmhaithe a bheith ann. Bíonn tionchar acu sin ar dhaoine agus ar tháirgiúlacht, mar shampla neartaíonn siad cumas nuálaíochta, spreagann siad daoine chun glacadh le teicneolaíochtaí nua agus cruthaíonn siad deiseanna fostaíochta. Ag an am céanna, ní mór do na rialtais náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar a gcórais cosanta sóisialta agus a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu sna réimsí is mó ina bhfuil gá le tacaíocht shóisialta. Is gá bonneagar agus líonraí sóisialta, go háirithe iad siúd a bhaineann le cosaint shóisialta, a mhaoiniú i gceart.

7.15. I ndáil leis sin, is den ríthábhacht go nglacfadh na rialtais seasamh soiléir maidir le córais náisiúnta cánachais a chomhordú d'fhonn stop a chur le creimeadh an bhoinn cánach agus dumpáil agus seachaint cánach a chomhrac. Tá sé an-tábhachtach freisin go mbainfidís leas iomlán as an ioncam cánach méadaithe chun borradh a chur faoi acmhainní dílse an Aontais ar mhaithe le hinfheistíocht eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta agus críochach.

7.16. Is féidir ról lárnach a bheith ag an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal chun fás, táirgiúlacht, fostaíocht agus iomaíochas cuideachtaí Eorpacha sna margaí domhanda a fheabhsú, agus dálaí oibre agus dea-bhail na n-oibrithe a fheabhsú san am céanna. Tá na comhpháirtithe sóisialta agus na Ballstáit araon fós ag streachailt le cumhdach níos leithne idirphlé shóisialta dhea-fheidhmiúil a áirithiú, lena n-áirítear an chómhargáil.

7.17. Tá sé thar a bheith tábhachtach an t-idirphlé sóisialta agus sibhialta a neartú má táthar chun a chinntiú go bhfuil ról gníomhach ag daoine i mbainistiú na n-aistrithe móra atá ag tarlú faoi láthair. Réitíonn an t-idirphlé sóisialta an bealach don chómhargáil, mar aon le cearta na n-oibrithe chun faisnéise, chun go rachfar i gcomhairle leo agus chun rannpháirtíocht níos láidre i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Tá ionstraimí den sórt sin riachtanach chun an áit oibre a chur in oiriúint do thionchar na dteicneolaíochtaí nua, na digiteála agus na hintleachta saorga agus chun dálaí oibre agus cearta na n-oibrithe a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear, b'fhéidir, an díospóireacht atá ar siúl faoi láthair laistigh d'institiúidí an Aontais maidir leis an gceart chun dícheangail.

7.18. Seo a leanas seasamh CESE:

— iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscnamh uile atá ann cheana agus, i gcás inar gá, tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha nua a thíolacadh;

— cuireann sé in iúl gur cheart leanúint de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a úsáid mar threoir don obair maidir le feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta agus ar dhálaí oibre, agus iarrachtaí á ndéanamh san am céanna chun an Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus spriocanna 2030 maidir le fostaíocht, oideachas, scileanna agus bochtaineacht a bhaint amach;

— iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh, fad agus atá úsáid na hintleachta saorga á hoiriúnú, ar na réitigh atá san áireamh cheana féin i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht, eagrú na hoibre agus dálaí oibre, agus a chinntiú san am céanna gur cur chuige atá faoi stiúir an duine a chuirfear i bhfeidhm (e.g. bainistiú de réir algartam);

— iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach torthaí an idirphlé shóisialta Eorpaigh a chur chun cinn agus tacú le forfheidhmiú an idirphlé shóisialta ar an leibhéal náisiúnta; tugann sé dá aire go mbeadh Creat um Chóineasú Sóisialta an tSeimeastair Eorpaigh ina uirlis luachmhar ina leith sin;

— iarrann sé ar institiúidí an Aontais aitheantas a thabhairt do ESSanna agus dá luachmhar atá siad mar phríomhghníomhaithe chun an t-aistriú cóir a dhearadh agus a chur i gcrích. Bíonn siad i dteagmháil leis na rialtais áitiúla agus tá sé ar a gcumas ábhair beartais a bhriseadh síos lena gcur in iúl go deas simplí don ghnáthphobal laethúil. Fágann sé sin go gcabhraíonn siad leis na daoine is leochailí ar deacair dóibh oiriúint don athrú;

— iarrann sé ar institiúidí an Aontais, faoi chuimsiú an chéad leagain eile de CAI a bheidh ann, ionstraimí leordhóthanacha airgeadais a mheas le haghaidh infheistíochtaí sóisialta atá dírithe ar an todhchaí agus a bhaineann leis an ngá atá le soláthar earraí poiblí Eorpacha a áirithiú, eadhon: slándáil (e.g. córais bhia, uisce, soláthar agus dáileadh fuinnimh, taighde agus nuálaíocht, rochtain ar fhaisnéis agus bonneagar straitéiseach), sláinte, oideachas agus folláine;

— iarrann sé ar institiúidí an Aontais breithniú a dhéanamh an gá ionstraim airgeadais a thabhairt isteach bunaithe ar an taithí a fuarthas ón Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), féachaint le caiteachas sóisialta na mBallstát a chobhsú i gcás suaití eacnamaíocha seachtracha;

— iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an straitéis um chomhionannas inscne a dtiocfaidh deireadh léi in 2025, agus tosú ag obair ar straitéis nua mar ábhar práinne;

— iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar thorthaí na straitéisí eile um chomhionannas agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun leanúint d'Aontas an Chomhionannais a thógáil. D'fhéadfaí, mar chuid de sin, Ard-Stiúrthóireacht um Chomhionannas a chur ar bun laistigh den Choimisiún Eorpach, cuir i gcás;

— iarrann sé go bhfeabhsófaí an ráthaíocht don aos óg mar aon le cláir chomhchosúla, amhail an tionscnamh ALMA (Aimsigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh), a chuireann deiseanna oibre ar fáil do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna). Iarrann sé freisin go ndéanfaí beart chun cláir eile a neartú, cláir lena dtugtar aghaidh ar an bhfostaíocht fhadtéarmach. Is gá measúnú a dhéanamh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí chun an dul chun cinn atá déanta i dtreo bhaint amach chuspóirí na ráthaíochta a mheas;

— iarrann sé ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit bearta spriocdhírithe a cheapadh chun an lucht saothair a mhéadú ionas gurbh fhéidir déileáil le dúshláin dhéimeagrafacha agus fostaíocht chobhsaí a bhaint amach ar deireadh. D'fhéadfadh beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair agus idirphlé sóisialta tacú leis sin freisin. Déanfaidh CESE dlúthfhaireachán ar an tionscnamh ar an leibhéal Eorpach chun tréimhsí oiliúna neamhíoctha agus tréimhsí oiliúna bréagacha a thoirmeasc;

— iarrann sé go mbeadh straitéisí sláinte agus sábháilteachta ceirde ann arb é is aidhm dóibh a chinntiú nach mbeadh bás ná tionóisc ar bith ag an obair agus an comhrac i gcoinne galair cheirde a fheabhsú. Ba cheart bearta coisctheacha a neartú trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua, an intleacht shaorga san áireamh. Mar chuid de na straitéisí sin, ba cheart breathnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as athruithe digiteacha agus déimeagrafacha san ionad oibre, i dteannta le coimircí d'oibrithe i gcoinne nochtadh do phataiginí nó d'oibreáin chontúirteacha agus rioscaí síceasóisialta;

— iarrann sé ar na Ballstáit an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach a chur chun feidhme go cuí. Ceann de chuspóirí na treorach sin is ea an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a spreagadh ar gach leibhéal. Cabhróidh sé sin le hoibrithe agus le fiontair, go háirithe FBManna, athruithe a thiocfaidh leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a thuar, ar athruithe iad a chruthóidh dúshláin do na comhpháirtithe sóisialta in tíortha go leor a mhéid a bhaineann le cumhdach na cómhargála;

— aithníonn sé an iarraidh a rinneadh mar chuid den tionscnamh 'Leatsa an Eoraip, Abair leat!' (YEYS) ([4]) go dtabharfaí treoirlínte speisialta cánachais isteach d'earraí agus do sheirbhísí a bhfuil tionchar díobhálach acu ar an aeráid, amhail só-earraí. Ba cheart an t-ioncam a ghintear leis na cánacha seo a úsáid chun tionscnaimh agus bearta atá neamhdhíobhálach don aeráid a mhaoiniú, rud a thacódh le tiomantas an Aontais do gheilleagar inbhuanaithe glas.

8. **Sláinte agus dálaí cuibhiúla maireachtála a dhaingniú: gné shochaíoch láidir**

8.1. Iarmhairtí COVID-19, an ghéarchéim fuinnimh a d'eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin agus an boilsciú ard a bhaineann leis sin, is ábhar imní é sin ar fad do chuid mhaith daoine. Feictear go bhfuil an ráta bochtaineachta ag dul i laghad i roinnt tíortha ach, i dtíortha eile agus i gceantair iargúlta go háirithe, tá an dearbh-bhochtaineacht dulta i méid i measc daoine scothaosta agus i measc na mban. Tá an t-uafás fós le déanamh má táthar chun an sprioc atá ag an Eoraip deireadh a chur leis an mbochtaineacht i gcás 25 mhilliún duine faoi 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear bochtaineacht shistéamach, bochtaineacht leanaí agus bochtaineacht lucht oibre a chomhrac.

([4]) Imeacht bhliantúil don óige a eagraíonn CESE is ea 'Leatsa an Eoraip, Abair leat!' (YEYS). Leagtar amach sa Tuarascáil Achomair cúig phríomh-mholadh ó YEYS 2024. Rinne na hionadaithe don óige na moltaí sin a chur le chéile agus chaith siad vótaí orthu.

8.2. Ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sula i bhfad, bunaithe ar Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, teastaíonn conradh sóisialta athnuaite don Eoraip uainn chun cearta sóisialta, comhionannas inscne agus dálaí níos fearr maireachtála agus oibre a bhaint amach, agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta á gcomhrac san am céanna anuas ar an gcóineasú aníos san Aontas a fheabhsú ([5]).

8.3. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé gné an mhíchumais a phríomhshruthú i mbeartais, cláir agus straitéisí uile an Aontais. Áirítear leis sin a chinntiú go mbeidh rochtain chomhionann ag daoine faoi mhíchumas ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí sóisialta. Ba cheart beartais a dhearadh ar bhealach agus go mbainfí bacainní agus go gcuirfí chun cinn cuimsiú iomlán daoine faoi mhíchumas i ngach gné den tsochaí, rud a chuirfeadh le hAontas ní ba chuimsithí agus ní ba chothroime.

8.4. Tá méadú le teacht ar an éileamh ar chúram sláinte agus seirbhísí sóisialta ardchaighdeáin san Eoraip mar gheall ar athruithe déimeagrafacha, rátaí ísle breithe agus aosú an daonra. Ba cheart an cúram agus na seirbhísí sin a bheith inrochtana do chách. Ní mór córais cosanta sóisialta a bheith de chineál inbhuanaithe ionas go mbeidh siad in ann fónamh do na glúnta atá le teacht freisin. Ní foláir acmhainní a infheistiú i struchtúir cháilíochta agus i seirbhísí poiblí agus córais riaracháin éifeachtacha ar gach leibhéal, le foireann leordhóthanach, spreagtha, dhea-cháilithe agus oilte, agus luach saothair leordhóthanach á fháil acu.

8.5. Iarrtar i nDearbhú Liège Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle go mbeadh tithíocht inacmhainne, chuibhiúil agus inbhuanaithe ann do chách. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh ardán ann ar leibhéal an Aontais chun tacú le comhpháirtíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla deireadh a chur leis an eisiamh tithíochta.

8.6. Is é is aidhm don Aontas Sláinte Eorpach cúram sláinte coisctheach agus íceach a ráthú atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán. Bunaíodh an tAontas Sláinte tar éis phaindéim COVID-19 agus áirítear na gnéithe seo a leanas ann: ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna; cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte; sárú na hailse; uathriail straitéiseach; agus an reachtaíocht chógaisíochta a athchóiriú. Ní mór díriú i gclár oibre straitéiseach an Aontais 2024-2029 ar an tsláinte, trí chur leis an dul chun cinn a rinneadh faoin sainordú roimhe seo agus dul céim níos faide trí thosaíocht a dhéanamh de ghalair neamhchoitianta agus dá n-iarmhairtí agus tríd an gcomhar a neartú chun cur i gcoinne na hilroinnte laistigh de na córais náisiúnta sláinte agus ó chóras go córas.

8.7. Seo a leanas seasamh CESE:

— iarrann sé go rachfaí i mbun obair ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus go mbeadh Straitéis chuimsitheach AE i gcoinne na bochtaineachta ann chun iarrachtaí na mBallstát a chomhordú maidir leis an mbochtaineacht a laghdú. Mar chuid den straitéis sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha agus ar shaincheisteanna sistéamacha araon amhail neamhionannas ioncaim agus easpa rochtana ar sheirbhísí sóisialta. Ba cheart í a ailíniú le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus dea-chleachtais na mBallstát a ionchorprú inti chun a chinntiú go laghdófar an bhochtaineacht ar bhonn éifeachtach inbhuanaithe ar fud an Aontais;

— tacaíonn sé le ceapachán Coimisinéara a bheadh freagrach as tithíocht, ar a mbeadh sainchúraimí tiomnaithe agus Ard-Stiúrthóireacht cheart ann dó. Tacaíonn sé freisin le cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i bhfoirm Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Tithíocht Shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta. Mar chuid den phlean gníomhaíochta sin, ba cheart cistiú a chur ar fáil faoin gcéad leagan eile de CAI agus tithíocht inacmhainne, chuibhiúil agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách. Ba cheart béim ar leith a leagan ar a chinntiú go dtabharfaí aghaidh sna beartais tithíochta ar riachtanais grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus teaghlaigh ar ioncam íseal;

— cuireann sé i bhfáth gur seirbhís leasa ghinearálta é an soláthar fuinnimh. Le creat rialála an Aontais, ba cheart na dálaí a chruthú chun go mbeadh soláthar fuinnimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, inacmhainne, inrochtana agus iontaofa ann, mar a luaitear san Aontas Fuinnimh;

— iarrann sé go ndéanfadh an Coimisiún an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, agus an clár oibre láidir um chearta daoine faoi mhíchumas, a chur chun feidhme le linn an tsainordaithe nua. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, plean gníomhaíochta a ullmhú le haghaidh beartas, clár agus obair reachtach. Ba cheart féachaint leis an bplean gníomhaíochta sin le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a áirithiú mar aon le cóir chothrom dóibh, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas;

— iarrann sé go leanfaí an cur chuige Aon Sláinte Amháin chun dea-bhail na saoránach a choimirciú agus chun rochtain ar uisce, sábháilteacht bia, biacheannasacht agus rochtain ar chúram sláinte inbhuanaithe agus seirbhísí sóisialta inbhuanaithe mar earraí poiblí a áirithiú;

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Tuarascáil Fadbhreathnaitheachta 2023 — An inbhuanaitheacht agus an fholláine i gcroílár Uathriail Straitéiseach Oscailte na hEorpa (IO C, C/2024/4057, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4057/oj).

— aithníonn sé an ról atá ag saorghairmeacha, FBManna, geallsealbhóirí eile agus ESSanna maidir le pobail áitiúla níos athléimní, níos cothroime, níos sláintiúla, níos inbhuanaithe agus níos córa ó thaobh na sochaí de a chothú. Leis sin, cuireann sé i bhfáth gur ríthábhachtach an ní é an comhshaol a chaomhnú ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe;

— cuireann sé in iúl nach bhfuil an beartas sláinte teoranta do chúrsaí sláinte amháin. Ina áit sin, is earnáil ríthábhachtach an tsláinte do gheilleagar an Aontais, ach oiread leis an bhfuinneamh, slándáil bia agus an teicneolaíocht. Ba cheart breathnú ar an gcúram sláinte, mar sin, mar infheistíocht shóisialta phoiblí luachmhar, seachas mar chostas. Is gá tuilleadh díchill a dhéanamh chun borradh a chur faoin infheistíocht i mbeartais coisctheacha agus in inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chúraim sláinte i gcomhréir leis an gceart chun sláinte, ceart ar tugadh tús áite dó sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa;

— iarrann sé ar an Aontas beart a dhéanamh mar ábhar práinne chun Aontas Sláinte Eorpach lánfheidhme a thabhairt chun críche agus chun infheistíocht mhór a dhéanamh i dtionscadail chomhoibritheacha taighde leighis, mar a rinneadh chun freagairt do COVID-19; tathantaíonn sé ar an Aontas plean gníomhaíochta maidir le galair neamhchoitianta a thabhairt isteach agus a aithint go bhfuil an ceart ag na saoránaigh chun cúraim sláinte ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana, rud ba cheart a leagan síos i Ráthaíocht Sláinte Eorpach;

— leagann sé béim ar an ngá atá le haistriú paraidíme chun a luachmhar atá an cúram inár sochaithe a aithint trí chur le straitéis cúraim na hEorpa; iarrann sé go nglacfaí Ráthaíocht Eorpach um Chúram lena ráthófaí rochtain ar chúram inacmhainne ardcháilíochta do gach duine a bhfuil gá acu leis. Ba cheart iad siúd a bhfuil cúram de dhíth orthu a chumhachtú leis an ráthaíocht sin, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna do chúramóirí na ndaoine sin, lena n-áirítear tríd an ualach a bhíonn ar mhná maidir le freagrachtaí cúraim gan íocaíocht a bhaint;

— iarrann sé freisin go mbeadh cistiú comhlántach ón Aontas ann chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh seirbhísí cúraim a leathnú agus a fheabhsú, chomh maith le feabhas a chur ar an gcumhdach. Tá an-tábhacht le hinfheistíocht i ngeilleagar an chúraim ar mhaithe le cáilíocht saoil an uile dhuine a fheabhsú, go háirithe iad siúd is leochailí;

— aithníonn sé a luachmhaire atá an cúram agus an obair chúraim inár sochaí, mar aon le hacmhainneacht gheilleagar an chúraim poist ardcháilíochta a chruthú lena ngabhann dálaí oibre cuibhiúla d'oibrithe cúraim, lena n-áirítear d'oibrithe tí. Ní mór beart a dhéanamh chun oibrithe nua a mhealladh isteach chuig earnáil an chúraim sláinte agus infheistiú i lucht saothair oilte, sciliúil agus spreagtha, lucht saothar a bheadh cothrom ó thaobh inscne de, a mbeadh ardmheas ag an tsochaí air agus a dtabharfaí luach saothair leordhóthanach dó. Beidh na bearta sin ríthábhachtach chun cúram sláinte athléimneach ardcháilíochta a chinntiú sna Ballstáit;

— cuireann sé i bhfáth gur gá bogadh i dtreo straitéis a bheadh bunaithe ar aosú faoi dhínit agus ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine, agus iarrann sé go mbunófaí Straitéis Eorpach i leith Daoine Scothaosta;

— aithníonn sé gur iarradh mar chuid de YEYS go mbeadh comhstraitéis chaighdeánaithe ann maidir le cearta gnéis agus atáirgthe ar fud an Aontais. Leis an straitéis sin, ba cheart rochtain ar sheirbhísí sláinte cuimsitheacha gnéis agus atáirgthe a ráthú do chách, agus an comhionannas inscne á chur chun cinn agus na cearta bunúsacha á gcosaint.

9. **Rannpháirtíocht na saoránach, spás sibhialta láidir agus idirphlé sibhialta fóinteach**

9.1. Is cuid ríthábhachtach de dhaonlathas na hEorpa í an rannpháirtíocht, agus is réamhriachtanas í chun muinín a chothú agus chun go gcreidfeadh na saoránaigh i ndlisteanacht bheartais an Aontais. Cumhdaítear coincheap an daonlathais rannpháirtíochta in Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE): sonraítear ann go bhfuil an ceart ag na saoránaigh chun bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais agus nach mór do na hinstitiúidí comhairliúcháin agus cinntí a dhéanamh ar bhealach chomh leathan agus chomh trédhearcach agus is féidir.

9.2. Cheistigh na saoránaigh a tugadh le chéile ag ócáid na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais agus d'iarr siad go mbeadh tuilleadh solúbthachta ann maidir le cinntí agus beart a dhéanamh, go mór mór nuair atá dúshláin phráinneacha dhomhanda i gceist.

9.3. Chun freagracht shibhialta a fhorbairt agus chun go mbeadh an próiseas daonlathach creidiúnach, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil deiseanna ag daoine de gach aois páirt a ghlacadh sa saol shibhialta agus cur leis an saol sin. Dá mbeadh córas láidir rannpháirtíochta struchtúrtha ann, chuirfí ar chumas daoine óga rannchuidiú le todhchaí an Aontais a mhúnlú trí bhíthin na nuálaíochta, na rannpháirtíochta agus na diongbháilteachta. Cuireann ESSanna neamhspleácha, saora agus ionadaíocha cosaint ar fáil do shochaithe daonlathacha agus tá príomhról acu maidir le beartais an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Spreagann ESSanna rannpháirtíocht chomhchoiteann, rud a chomhlánaíonn rannpháirtíocht dhíreach na saoránach lena gcuirtear tuairimí daoine aonair in iúl. Ar an gcaoi sin, cuirtear i gcoinne iarrachtaí aon Bhallstát an spás sibhialta a chosc.

9.4. Cuid ríthábhachtach den tsochaí shibhialta eagraithe is ea eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta. Mar sin féin, tá ról sonrach ag comhpháirtithe sóisialta aitheanta maidir le beartais eacnamaíocha, saothair, agus shóisialta a mhúnlú, beartais lena spreagfar cóineasú aníos na ndálaí maireachtála agus na ndálaí oibre fud fad na mBallstát. Ba cheart an ról sin a aithint agus a urramú ina iomláine i struchtúir agus i bpróisis an idirphlé shóisialta ar gach leibhéal. Ní hionann é sin agus an t-idirphlé sibhialta.

9.5. Is ábhar imní do CESE na forbairtí atá tarlaithe i roinnt Ballstát a chuir cúl ar an spás do ESSanna, ainneoin an phríomhróil atá ag na heagraíochtaí sin maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus cur i gcoinne an phobalachais, rud atá ag dul i méid. Caithfidh an tAontas coinneáil air ag cur i gcoinne na bhforbairtí sin trí bhíthin nósanna imeachta Airteagal 7, agus trí chistí Eorpacha a reo, i.e. cistí a bhí le dul chuig Ballstát sular fuarthas gur Ballstát é nach n-urramaíonn an smacht reachta, neamhspleáchas chóras na mbreithiúna ná cearta bunúsacha amhail an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, nó ar Ballstát é a chuireann srian ar shaoirse an phreasa agus ar shaoirse na meán d'fhonn an dioscúrsa poiblí a chúbláil. Tagann sochaithe idirdhealaitheacha salach ar choincheap an Aontais féin, mar go mbíonn an tAontas ag obair ar son rathúnas eacnamaíoch cothrom, dul chun cinn sóisialta agus cuimsitheachta.

9.6. Ní raibh na saoránaigh riamh chomh soiléir glórach faoina bhfuil uathu agus atá siad inniu. Ní mór cloisteáil lena bhfuil le rá acu agus cinntí á ndéanamh ar leibhéal an Aontais, agus sin trí bhíthin uirlisí rannpháirtíochta agus ríomhdhaonlathais amhail na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh agus na painéil saoránach agus trí shluafhoinsiú a dhéanamh chun smaointe beartais na saoránach a fháil.

9.7. Ní mór an Eoraip a bheith ina spás sábháilte trasteorann cumasúcháin don tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eintitis an gheilleagair shóisialta. Ba cheart idirphlé sibhialta struchtúrtha ar gach leibhéal rialtais a spreagadh agus a chur chun cinn sna Ballstáit go léir.

9.8. Ina fhianaise sin, ba cheart sásraí don idirphlé leis an tsochaí shibhialta a neartú ar mhaithe le hidirphlé struchtúrtha fóinteach a áirithiú ina gcuirtear saineolas sibhialta san áireamh. Ní leor na socruithe *ad hoc* ilroinnte atá ann faoi láthair toisc go mbraitheann siad an iomarca ar dhea-thoil agus ar rúin phearsanta na ndaoine agus na seirbhísí lena mbaineann.

9.9. Ós guth institiúideach na sochaí sibhialta eagraithe san Eoraip atá in CESE, tá ról lárnach aige maidir le spás láidir sibhialta a chothú agus idirphlé sibhialta fóinteach a éascú. A bhuí leis an taithí fhairsing sheanbhunaithe atá aige, tugann sé institiúidí an Aontais agus ESSanna éagsúla le chéile, rud atá ríthábhachtach, agus cinntíonn sé go n-éistear le glór na n-eagraíochtaí sin laistigh de na próisis ceaptha beartas. Tá seasamh uathúil ag CESE a chuireann ar a chumas an daonlathas rannpháirtíochta a chur chun cinn agus cuimsiú geallsealbhóirí éagsúla i bpróiseas múnlaithe beartas an Aontais a spreagadh. Trí ardán a chur ar fáil chun gur féidir teacht ar chomhaontú agus idirphlé a dhéanamh, tacaíonn CESE le beartais chuimsitheacha a fhorbairt atá ag teacht le riachtanais agus mianta na saoránach agus, ar an gcaoi sin, feabhsaíonn sé dlisteanacht agus éifeachtacht rialachas an Aontais.

9.10. Seo a leanas seasamh CESE:

— iarrann sé go mbeadh tacaíocht struchtúrach ann do ról ESSanna maidir le sochaithe athléimneacha a fhorbairt trí dhul i mbun idirphlé sibhialta agus sóisialta agus aithníonn sé an ról lárnach atá ag ESSanna maidir le sochaithe athléimneacha, cothroma agus inbhuanaithe a chothú trí bhíthin tionscnaimh ón bpobal. Níor cheart ESSanna a eisiamh ó chinntí faoi bheartais an Aontais maidir le todhchaí nó muintir na hEorpa. Ní mór a bheith cúramach agus agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta a choimeád ar bun le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta ([6]). Ní mór caighdeáin a chur i bhfeidhm maidir leis an idirphlé sibhialta ar fud institiúidí an Aontais ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach Airteagal 11 CAE ([7]);

— iarrann sé ar institiúidí an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta agus straitéis a fhorbairt don tsochaí shibhialta ([8]), lena n-áirítear plean gníomhaíochta soiléir. Thairis sin, iarrann CESE go mbunófaí scórchlár bliantúil don idirphlé sibhialta nó do spás na sochaí sibhialta ([9]) ar mhaithe lena mheas an bhfuil ionchur ESSanna i bpróisis chomhairliúcháin á gcur san áireamh nó nach bhfuil. D'fhéadfaí an scórchlár sin a úsáid chun tuarascáil dhébhliantúil maidir leis an idirphlé sibhialta a chur ar bun lena ndéanfaí meastóireacht ar an idirphlé sibhialta agus ar éifeachtacht ESSanna ([10]);

([6]) An Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Airt. 11(2).

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj) (pointe 1.6 agus pointe 5.4).

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj) (pointe 5.1).

([9]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj) (pointe 1.10).

([10]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-idirphlé sibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas a neartú: conair chun tosaigh (IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj) (pointe 1.10).

— iarrann sé go ndéanfaí beart chun daoine óga a chumhachtú le todhchaí níos inbhuanaithe a thiomáint chun cinn don Aontas agus aithníonn sé gur tosaíochtaí agus deiseanna atá i gceist le dúshláin amhail an t-athrú aeráide, an t-aistriú digiteach agus athruithe déimeagrafacha, deiseanna a d'fhéadfadh daoine óga a thapú le hathruithe a spreagadh san Aontas. Ní mór spásanna a chur ar fáil dá rannpháirtíocht struchtúrtha agus ní mór béim a chur ar an gcaoi ar féidir todhchaí an Aontais a mhúnlú a bhuí le nuálaíocht, rannpháirtíocht agus diongbháilteacht daoine óga;

— measann CESE gur tábhachtach aitheantas a thabhairt don ról atá ag ESSanna agus dá luachmhaire atá siad maidir le roinnt mhaith príomhghnéithe de cheapadh beartas an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá príomhról ag an tsochaí shibhialta maidir le samhail shocheacnamaíoch uathúil an Aontais a choinneáil ar bun agus maidir leis an bhfás inbhuanaithe, an comhtháthú sóisialta agus an chuimsitheacht a chur chun cinn;

— measann CESE nach mór an tsaorálaíocht a aithint agus a chur chun cinn mar léiriú ríthábhachtach ar an tsaoránacht ghníomhach. Ní mór bearta a dhéanamh chun go n-aithneofar luach na saorálaíochta agus chun go dtacófar léi mar ghníomhaíocht shibhialta lena dtreisítear an rannpháirtíocht shibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta, go háirithe trí 2025 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na hOibre Deonaí;

— aithníonn sé gur iarradh mar chuid de YEYS go mbeadh daoine óga ní ba rannpháirtí agus go mbeadh ionadaíocht ní ba mhó orthu sa chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais, agus go mbunófaí cuóta don aos óg i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa chomh maith. Ar an gcaoi sin, d'áiritheofaí go mbeadh na daoine óga rannpháirteach go gníomhach i dtodhchaí na hEorpa a mhúnlú, rud a chothódh próiseas daonlathach ní ba chuimsithí agus ní b'ionadaíche;

— tacaíonn sé go hiomlán leis an moladh ó YEYS creat láidir dlíthiúil a bhunú do na meáin shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar an bpolarú agus ar an mbréagaisnéis agus chun na nithe sin a mhaolú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcreat sin próisis dhaonlathacha a chosaint, daoine a chosaint ar ábhar díobhálach agus dioscúrsa poiblí atá cothrom agus feasach a ráthú ar fud an Aontais.

9.11. Trínár gcion féin a dhéanamh, is féidir linn a áirithiú go mbeidh gach ESS in ann a dtuairimí a chur in iúl agus ról dlisteanach a bheith acu i dtéarma reachtach reatha institiúidí an Aontais, rud a bheidh chun leasa cách.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE